Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Eanáir 2024**
**(OR. en)**

**5207/24**

**COPS 3**
**CSDP/PSDC 7**
**CFSP/PESC 31**
**COAFR 8**
**CSC 6**
**EUCAP MALI 1**
**PSC DEC 1**
**CIVCOM 3**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali) (EUCAP Sahel Mali/1/2024) |

**CINNEADH (CBES) 2024/… ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an…**

**lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin**
**Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali)**
**(EUCAP Sahel Mali/1/2024)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe an tríú mír d'Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2014/219/CBES ón gComhairle an 15 Aibreán 2014 maidir le misean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali)[1], agus go háirithe Airteagal 7(1) de,

---

1 IO L 131, 16.04.2014 lch. 21.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Chinneadh 2014/219/CBES, údaraítear an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir leis an tríú mír d'Airteagal 38 den Chonradh, na cinntí ábhartha a dhéanamh chun rialú polaitiúil agus stiúradh straitéiseach Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh, ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí').

(2) An 10 Eanáir 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/96[2] lena leasaítear Cinneadh 2014/219/CBES agus lena gcuirtear síneadh le sainordú EUCAP Sahel Mali go dtí an 31 Eanáir 2025.

(3) An 14 Márta 2023, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2023/613[3] lena gceaptar Peter KOLDING mar Cheann Misin ar EUCAP Sahel Mali ón 11 Aibreán 2023 go dtí an 31 Eanáir 2024.

(4) An 20 Nollaig 2023, mhol an tArdionadaí go gcuirfí síneadh le sainordú Peter KOLDING mar Cheann Misin ar EUCAP Sahel Mali ón 1 Feabhra 2024 go dtí an 31 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[2] Cinneadh (CBES) 2023/96 ón gComhairle an 10 Eanáir 2023 lena leasaítear Cinneadh 2014/219/CBES maidir le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali) (IO L 8, 11.01.2023 lch. 2).

[3] Cinneadh (CBES) 2023/613 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 14 Márta 2023 maidir le Ceann Misin ar Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali) (EUCAP Sahel Mali/1/2023) a cheapadh (IO L 80, 20.03.2023 lch. 91).

*Airteagal 1*

Leis seo, cuirtear síneadh le sainordú Peter KOLDING mar Cheann Misin Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali) ón 1 Feabhra 2024 go dtí an 31 Eanáir 2025.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Feabhra 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
*An Cathaoirleach*